



BAINISTIÚ NA DTEORAINNEACHA SEACHTRACHA

Tá forbairtí suntasacha tagtha ar bheartas bainistithe teorainneacha AE le teacht na ndídeanaithe agus na n-imirceach neamhrialta ar scála nach bhfacthas roimhe, agus go háirithe ó lár 2015 nuair a nochtadh easnaimh ar bheartais AE maidir le teorainneacha seachtracha agus imirce. Ba iad na dúshláin a bhaineann leis an méadú a tháinig ar an imirce measctha isteach in AE agus ar an imní faoin tslándáil ba chúis le tréimhse nua ghníomhaíochta i réimse chosaint teorainneacha seachtracha AE, rud a bhfuil tionchar aige freisin ar a gcuid teorainneacha inmheánacha.

AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 3(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

Airteagail 67 agus 77 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

CUSPÓIRÍ

Le limistéar aonair gan seiceálacha teorann inmheánaí — Limistéar Schengen — tá gá le combheartas maidir le bainistiú teorainneacha seachtracha chomh maith. Le hAirteagal 3(2) CAE, éilítear ‘bearta iomchuí maidir le rialuithe ar theorainneacha seachtracha’. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag AE comhchaighdeáin a bhunú maidir le rialuithe ag a theorainneacha seachtracha agus córas comhtháite a chur i bhfeidhm de réir a chéile chun na teorainneacha sin a bhainistiú.

A BHFUIL BAINTE AMACH

Rinneadh an chéad bheart i dtreo combheartas um bainistiú teorainneacha seachtracha an 14 Meitheamh 1985, nuair a shínigh cúig cinn de na deich mBallstát a bhí i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa ag an am sin conradh idirnáisiúnta, Comhaontú Schengen, mar a thugtar air, gar do bhaile teorann Schengen Lucsamburg, a forlíonadh cúig bliana níos déanaí leis an gCoinbhinsiún lenar cuireadh chun feidhme Comhaontú Schengen^[1]. I láthair na huaire, i Limistéar Schengen, an limistéar gan teorainneacha a cruthaíodh le *acquis* Schengen (mar a thugtar ar na comhaontuithe agus na rialacha le chéile), tá 26 thír Eorpacha^[2].

[1] *Acquis* Schengen — Coinbhinsiún an 19 Meitheamh 1990 lena gcuirtear chun feidhme Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Poblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile, IO L 239, 22.9.2000, Ich. 19.

[2] Ní áirítear ar na tíortha sin an Bhulgáir, an Chróit, Éire, an Ríocht Aontaithe ná an Rómáin. Tá trí thír nach Ballstáit de AE iad san áireamh ann, áfach: an Eilvéis, an Iorua agus Lichtinstéin.



A. Acquis Schengen um theorainneacha seachtracha

Is éard atá in *acquis* Schengen um theorainneacha seachtracha sa lá atá inniu ann, a tógadh ar an *acquis* bunaidh a ionchorpraíodh in ord dlíthiúil AE le Conradh Amstardam (1.1.3), ná rialacha atá le fáil i raon leathan beart is féidir a roinnt, a bheag nó a mhór, ina gcúig réimse:

1. Is é Cód Teorainneacha Schengen bunchloch bhainistiú na dteorainneacha seachtracha. Leagtar síos leis rialacha faoi thrasnuithe teorann seachtraí agus coinníollacha lena rialaítear athbhunú sealadach seiceálacha teorann inmheánacha.
2. Córas Faisnéise Schengen (SIS)

Is córas comhroinnte faisnéise (bunachar sonraí) é SIS lena gcuidítear leis an tslándáil idirnáisiúnta a choimeád i limistéar Schengen, áit nach ann do sheiceálacha teorann inmheánacha. Is é an córas TF is forleithne úsáid agus is éifeachtúla atá ag AE ina limistéar saoirse, slándála agus ceartais (AFSJ) (4.2.1.). Baineann údaráis ar fud AE úsáid as SIS le rabhaidh a chur isteach nó a bhreathnú maidir le daoine nó réada a bhfuiltear sa tóir orthu nó atá ar iarraidh. Tá os cionn 80 milliún rabhadh ann agus bhreathnaigh na húdaráis air 5 bhiliún uair in 2017, rud a chúisigh níos mó ná 240 000 amas ar rabhaidh iasachta (rabhaidh arna n-eisiúint ag tír eile). Neartaíodh SIS le déanaí trí rialacha nuashonraithe lena ndíreofar ar bhearnaí féideartha sa chóras agus lena dtabharfar isteach roinnt athruithe riachtanacha maidir leis na cineálacha rabhaidh a chuirtear isteach ann.

Ó rinneadh an t-athchóiriú is déanaí in 2018, sainítear raon feidhme SIS i dtrí ionstraim dlí, i bhfoirm trí rialachán (a chuirtear in ionad SIS II):

- i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla^[3]
- i réimse na seiceálacha teorann^[4]
- chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh^[5]

Leis na trí rialachán sin, tugtar isteach catagóirí rabhaidh sa bhreis sa chóras, amhail rabhaidh faoi amhrastaigh anaithnid nó daoine anaithnide a bhfuiltear sa tóir orthu, rabhaidh choisctheacha maidir le leanaí atá i mbaol fuadaigh leanaí arna dhéanamh ag tuismitheoir, rabhaidh chun críche fillte, rabhadh maidir le cinntí fillte arna n-eisiúint do náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach, de bhreis ar loirg dearnan,

[3] [Rialachán \(AE\) 2018/1862](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún, IO L 312, 7.12.2018, Ith. 56-106

[4] [Rialachán \(AE\) 2018/1861](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006, IO L 312, 7.12.2018, Ith. 14–55

[5] [Rialachán \(AE\) 2018/1860](#) an 28 Samhain 2018 maidir le húsáid Córas Faisnéise Schengen chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh, IO L 312 07.12.2018.



méarloirg, íomhánna den aghaidh agus DNA a bhaineann le daoine atá ar iarraidh lenar féidir a gcéannacht a dheimhniú.

3. An Ciste Slándála Inmheánaí: Teorainneacha agus Víosa (ISF)

Ó tharla sé nach bhfuil teorainneacha seachtracha le rialú ag na Ballstáit go léir agus nach ndéanann sreabha tráchta teorann an difear céanna do gach Ballstát. Úsáideann AE na cistí atá aige chun cúiteamh a dhéanamh ar chuid de na costais atá ar na Ballstáit arb ionann a dteorainneacha agus teorainneacha seachtracha AE. Le haghaidh thréimhse airgeadais 2014–2020, cuireadh an sásra comhroinnte ualaigh sin ar bun agus EUR 3.8 billiún san iomlán aige ar feadh thréimhse seacht mbliana. Is é príomhchuspóir ISF rannchuidiú le hardleibhéal slándála a áirithiú san Aontas agus taisteal dlísteanaigh á éascú ag an am céanna. Is féidir a áireamh ar thairbhíthe na gclár arna gcur chun feidhme ag an gciste seo údaráis stáit agus fheidearálacha, comhlachtaí poiblí áitiúla, eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí daonnúla, cuideachtaí dlí phríobháidigh nó dlí phoiblí, agus eagraíochtaí oideachais agus taighde.

4. An Córas Dul Isteach/Imeachta (EES)

Is córas faisnéise an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES)^[6] lena neartaítear agus lena gcuirtear dlús le seiceálacha teorann do náisiúnaigh trí tír a thaistealaíonn go dtí AE. Le EES tagann clárú leictreonach i mbunachar sonraí in ionad stampáil na bpasanna de lámh ag an teorainn.

Glacadh EES i mí na Samhna 2017 agus is iad seo a leanas na príomhchuspóirí atá aige:

- moilleanna ar sheiceálacha teorann a laghdú agus feabhas a chur ar cháilíocht na seiceálacha teorann trí thréimhse fanachta údaraithe gach taistealaí a ríomh go huathoibríoch;
- sainaitheint chórasach agus iontaofa na rófhantóirí a áirithiú;
- an tslándáil inmheánach agus an comhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta a neartú trí chead a thabhairt d'údaráis forfheidhmithe dlí rochtain a fháil ar thaifid na staire taistil.

Deonaítear rochtain ar EES d'údaráis forfheidhmithe dlí náisiúnta agus do Europol, ach ní d'údaráis tearmainn. Ní cheadaítear sonraí a aistriú chuig tríú tíortha nó Ballstáit AE nach bhfuil páirteach in EES chun críocha fhorfheidhmiú an dlí ná chun críocha fillte ach amháin faoi choinníollacha ar leith. Le EES, clárófar sonraí taistealaithe (ainm, cineál doiciméid taistil, méarloirg, amharciómhá, dáta agus áit an dul isteach agus imeachta) agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha Schengen. Beidh feidhm aige le gach náisiúnach tríú tír, na daoine a bhfuil víosa ag teastáil uathu agus na daoine atá díolmhaithe ó cheanglas víosa ar aon. Bainfidh údaráis chonsalachta agus teorann leas as.

[6] [Rialachán \(AE\) 2017/2226](#) an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011, (IO L 327, 9.12.2017, Ith. 20).



5. An Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)

Is éard atá sa Gharda Teorann agus Cósta Eorpach (EBCG) ná an Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) agus na húdaráis náisiúnta le chéile.^[7]

Leis an rialachán, leathnaítear raon feidhme gníomhaíochtaí Frontex ionas go gcuimsítear breis tacaíochta do na Ballstáit i réimse an bhainistithe imirce, sa chomhrac i gcoinne na coireachta trasteorann agus in oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála. Déantar foráil leis maidir le ról níos mó a bheith ag Frontex in imircigh a fhilleadh ar a dtíortha tionscnaimh, de réir cinntí arna nglacadh ag údaráis náisiúnta. Féadfaidh an Chomhairle, bunaithe ar thogra ón gCoimisiún, iarraidh ar an ngníomhaireacht idirghabháil a dhéanamh agus cuidiú le Ballstáit i gcúinsí eisceachtúla. Is é seo an cás más rud é: 1) nach gcomhlíonann Ballstát (laistigh de theorainn ama shocraithe) cinneadh ceangailteach ó bhord bainistíochta na gníomhaireachta chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí ina bhainistiú teorainneacha; agus 2) is ann do bhrú ar leith ar brú díréireach é ar na teorainneacha seachtracha lena gcuirtear feidmiú limistéar Schengen i mbaol. Má chuireann Ballstát in aghaidh cinneadh ón gComhairle chun cuidiú a chur ar fáil, féadfaidh na Ballstáit eile seiceálacha teorann inmheánacha a thabhairt isteach arís ar bhonn sealadach.

I mí Mheán Fómhair 2018, thíolaic an Coimisiún [togra nua chun an Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta a neartú](#)^[8]. Gheobhadh an gníomhaireacht sainordú nua agus a cuid acmhainní agus cumhachtaí dílse chun teorainneacha seachtracha a chosaint, fillteacha a dhéanamh ar bhonn níos éifeachtaí agus oibriú i gcomhar le tríú tíortha. An 1 Aibreán 2019, cheadaigh an Chomhairle an comhaontú polaitiúil ar ar thángthas agus rinne an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile sa Pharlaimint vótáil i bhfabhar an chomhaontaithe an 2 Aibreán 2019. Caitheadh vóta ar an gcéim dheiridh den phróiseas ceadaithe i seisiún iomlánach na Parlaiminte i mí Aibreáin. Tá sé beartaithe go dtiocfaidh an rialachán i bhfeidhm ag deireadh 2019.

Is cuid lárnach den chomhaontú neartaithe sin a bheidh i mbuanchór [10 000 garda teorann a mbeidh cumhachtaí feidhmiúcháin acu](#) a bheidh réidh le tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit ag aon am ar bith. Beidh sainordú níos láidre ag an ngníomhaireacht freisin maidir le imircigh a fhilleadh ar a dtír tionscnaimh agus comhoibreoidh sí ar bhonn níos dlúithe le tríú tíortha, lena n-áirítear tíortha nach iad na tíortha comharsanachta is gaire do AE. Beidh buanchór nua an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh ar fáil chun imscartha ó 2021 amach. Faoi 2027, beidh sé iomlán oibríochtúil agus beidh a acmhainn iomlán de 10 000 garda teorann bainte amach aige.

[7] [An Garda Teorann agus Cósta Eorpach Rialachán \(AE\) 2016/1624](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 863/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2005/267/CE ón gComhairle, IO L 251, 16.9.2016, Ith. 1

[8] Togra le haghaidh Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta lena n-aisghairtear Gníomhaíocht Chomhpháirteach Uimh. 98/700/CGB, Rialachán (AE) Uimh. 1052/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [COM\(2018\)0631](#)



B. Forbairtí i mbainistiú AE ar na teorainneacha seachtracha atá aige

1. Tá dlús curtha le ráta an athraithe leis an mbás ar mhórsála a tharla sa Mheánmhuir le blianta beaga anuas, i dteannta insreabhadh ollmhór na ndídeanaithe agus na n-imirceach ó mhí Mheán Fómhair 2015.

Sular bhris géarchéim dhaonnúil dídeanaithe na hEorpa amach, ní dheachaigh ach trí thír i mbun claíocha a thógáil ag na teorainneacha seachtracha chun cosc a chur ar imircigh agus ar dhídeanaithe a gcríocha a shroicheadh: an Spáinn (áit ar críochnaíodh obair thógála in 2005 agus ar cuireadh síneadh léi in 2009), an Ghréig (inár críochnaíodh an obair sin in 2012) agus an Bhulgáir (inár críochnaíodh an obair sin, mar fhreagairt ar an nGréig, in 2014). Contrártha d’Airteagal 14(2) de Chód Teorainneacha Schengen, lena sonraítear ‘[nach bhfhéadfar] cead isteach a dhiúltú ach de thoradh cinneadh cruthaithe ina luaitear cúiseanna beachta an diúltaithe’, de réir a chéile, tá líon na mBallstát atá ag dul i mbun ballaí nó claíocha teorann a thógáil ag dul i méid, agus an aidhm acu imircigh agus iarrthóirí tearmainn a chosc as éadan a chéile ar rochtain a fháil ar a gcríocha náisiúnta. De bhreis air sin, gan rialacha sainráite AE a bheith ann maidir le claíocha a thógáil ag teorainneacha seachtracha Schengen, tá bacainní curtha suas ag Ballstáit freisin le tríú tíortha (go háirithe Maracó agus an Rúis), lena n-áirítear iarrthóirí réamhaontachais (Poblacht na Macadóine Thuaidh, an tSeirbia agus an Tuirc) agus tír AE amháin is iarrthóir ar Schengen — an Chróit. Tá claíocha tógtha freisin laistigh de limistéar Schengen, mar shampla an claí idir an Ostair agus an tSlóivéin, agus tá cleachtais na Spáinne in Melilla tar éis teacht faoi ghrinnscrúdú ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine in Strasbourg.

2. I mí na Samhna 2016, thíolaic an Coimisiún togra reachtach chun Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) a bhunú.[9]

Is é is cúis leis an gcóras faisnéise láraithe nua sin ná faisnéis a bhailiú faoi náisiúnaigh tríú tíortha nach bhfuil víosa ag teastáil uathu chun dul isteach i limistéar Schengen, agus aon rioscaí féideartha slándála nó imirce neamhrialta a aimsiú. Leis an mbunachar sonraí, déanfar seiceálacha roimh ré (féach grafaic faisnéise I) ar thaistealaithe atá díolmhaithe ó cheanglas víosa agus údarú taistil a dhiúltú dóibh má mheastar go bhfuil riosca ag gabháil leo^[10]. Beidh an bunachar sonraí cosúil le córais atá i bhfeidhm cheana, mar shampla in SAM (ESTA), i gCeanada agus san Astráil, i measc córais eile nach iad.

Beidh roinnt buntáistí ag baint le ETIAS, amhail slándáil inmheánach níos fearr, cosc níos fearr ar inimirce neamhdhleathach, laghdú ar rioscaí don tsláinte phoiblí agus laghdú ar mhoilleanna ag teorainneacha. De réir rialacha Chód Teorainneacha Schengen, in ainneoin go ndéanfar réamh-sheiceáil leis an gcóras, is iad na gardaí teorann náisiúnta atá i mbun an rialaithe teorann a dhéanfaidh an cinneadh críochnaitheach cé acu a dheonófar nó a dhiúltófar cead isteach, fiú amháin i gcásanna a bhfuil údarú taistil bailí ag an duine. Is í Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar

[10]ETIAS- preaseisiúint ón gComhairle, 05/09/2018): <https://www.https://www.consilium.europa.eu/ga/infographics/schengen-border-controls/>



Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) a dhéanfaidh ETIAS a fhorbairt. Beidh trí príomhfheidhm ag ETIAS:

- fhíorú a dhéanamh ar fhaisnéis arna cur isteach ar líne ag náisiúnaigh tríú tíortha atá díolmhaithe ó cheanglas víosa sula dtaistealaíonn siad go dtí AE;
- iarratais a phróiseáil trína seiceáil i gcoinne chórais faisnéise eile AE (amhail SIS, VIS, bunachar sonraí Europol, bunachar sonraí Interpol, EES agus Eurodac);
- údaruithe taistil a eisiúint i gcásanna nach aimsítear aon amas nó gné ar a bhfuil tuilleadh anailíse de dhíth.

I bhformhór na gcásanna, ba cheart údaruithe taistil a fháil laistigh de chúpla nóiméad. Gearrfar táille iarratais EUR 7, I mí an Mheithimh 2017, chinn an Chomhairle an togra a roinnt ina dhá ghníomh dlí ar leith^[11], ar an mbunús nach bhféadfaí leasuithe ar Rialachán Europol a chuimsiú le bunús dlí an togra (Schengen). An 12 Meán Fómhair 2019, shínigh uachtaráin an dá institiúid na rialacháin lena mbunaítear ETIAS. Mar sin féin, ní bheidh ETIAS iomlán oibríochtúil roimh 2021.

3. Eu-LISA

Bunaíodh [eu-LISA](#) in 2011 agus tá sé freagrach as bainistiú oibríochtúil trí chóras faisnéise láraithe AE: SIS, VIS agus Eurodac.^[12]

I mí an Mheithimh 2017, thíolaic an Coimisiún togra chun sainordú eu-LISA a athbhreithniú. Tá an togra ar chuid de chur chuige an Choimisiúin chun córais faisnéise AE in AFSJ a fheabhsú agus a leathnú amach agus chun idir-inoibritheacht idir na córais sin a bhaint amach faoi 2020.

4. Idir-inoibritheachta idir córais faisnéise AE i réimse na dteorainneacha

Tá córais láraithe mhórsála TF á bhforbairt ag AE (SIS, VIS, Eurodac, EES agus ETIAS) chun faisnéis a bhailiú, a phróiseáil agus a chomhroinnt ar faisnéis í atá riachtanach le haghaidh comhar slándála, agus chun teorainneacha seachtracha agus imirce a bhainistiú. I mí na Nollag 2017, mhol an Coimisiún na córais faisnéise sin a dhéanamh idir-inoibritheach ar leibhéal AE — i.e. a bheith in ann sonraí a mhalartú agus faisnéis a chomhroinnt chun go mbeadh an fhaisnéis go léir atá ag teastáil ag na húdaráis, san áit agus ag an am atá sé ag teastáil uathu. Is éard is brí le hidir-inoibritheacht ná cumas na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus na bpróiseas gnó a dtacaíonn siad leo sonraí a mhalartú agus comhroinnt faisnéise agus eolais a chumasú, chun bearnaí faisnéise a sheachaint arb í castacht agus ilroinnt na gcóras sin is cúis leo^[13].

[11] [Rialachán \(AE\) Uimh. 2018/1240](#) an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226, IO L 236, 19.9.2018, Ich.1 agus Rialachán (AE) 2018/1241 an 12 Meán Fómhair 2018 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794 chun Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) a bhunú- cúraimí Europol, IO L 236 19.9.2018, Ich. 72.

[12] [Rialachán \(AE\) 2018/1726](#) an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011, IO L 295, 21.11.2018, Igh. 99–137.

[13] Staidéar PE ar “Interoperability of Justice and Home Affairs Information Systems” [“Idir-inoibritheacht na gCóras Faisnéise um Cheartas agus Gnóthaí baile”]: [http://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2018/604947/IPOL_STU\(2018\)604947_EN.pdf](http://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2018/604947/IPOL_STU(2018)604947_EN.pdf)



I mí na Nollag 2017, chuir an Coimisiún dhá thogra shonracha ar aghaidh maidir le hidir-inoibritheacht: ceann amháin le haghaidh rialachán lena mbunaítear creat le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE um theorainneacha agus víosaí, agus ceann eile le haghaidh rialachán lena mbunaítear creat le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE um chomhar póilíneachta agus breithiúnais, tearmann agus imirce.

Mhol an Coimisiún ceithre réiteach maidir le hidir-inoibritheacht:

- Leis an Tairseach Cuardaigh Eorpach (ESP), beifear in ann cuardaigh chomhuaineacha a dhéanamh ar chórais faisnéis AE éagsúla agus ‘ionad ilfhreastail’ a sholáthar (ar scáileán ríomhaire amháin) le haghaidh thorthaí na seiceálacha doiciméid go léir.
- Leis an tSeirbhís Chomhroinnte um Meaitseáil Bhithmhéadrach (SBM) beifear in ann céannachtaí éagsúla a cheistiú agus a chur i gcomparáid lena chéile. Chun a áirithiú go mbíonn fáil ag na gardaí teorann agus oifigigh phóilíneachta ar fhaisnéis iomlán agus chruinn, bunófar sásraí iomchuí um rialú cáilíochta sonraí.
- Leis an Stóras Coiteann Sonraí Céannachta (CIR), cuirfear faisnéis bhunúsach bheathaisnéiseach agus bhithmhéadrach ar fáil, amhail ainmneacha agus dátaí breithe saoránach tríú tíortha, chun go mbeifí in ann iad a chéannú go héifeachtach.
- Ar deireadh, leis an mBrathadóir Ilchéannachtaí (MID), cuideofar lena dheimhniú gur leis an gcéannacht chéanna ainmneacha difriúla agus aird na ngardaí teorann agus na bpóilíní a tharraingt ar ghníomhaíochtaí calaoiseacha.

An 5 Feabhra 2019, tháinig an Chomhairle agus an Pharlaimint ar chomhaontú sealadach maidir leis an dá rialachán a moladh.^[14]

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá tuairimí measctha ag Parlaimint na hEorpa faoi fhorbairt an bheartais um bainistiú na dt teorainneacha seachtracha. Tríd is tríd, thacaigh sí le ról eagraíochtúil uasghrádaithe EBCGA agus gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais, á iarraidh go minic go ndéanfaí a ról a fheabhsú tuilleadh de réir mar a théann AE i ngleic leis an ngéarchéim imirce sa Mheánmhuir. Cé gur dearfach den chuid is mó dearcadh na Parlaiminte faoi fhorbairt EBCGA, tá a seasamh faoi theorainneacha cliste i bhfad níos faichillí. Tar éis an togra ón gCoimisiún in 2013, tharraing sí amhras ar an méadú ollmhór teicneolaíoch agus ar an ollphróiseáil ar shonraí pearsanta a moladh le haghaidh na dt teorainneacha seachtracha. De bhreis air sin, le costais thuartha Theicneolaíocht na dt teorainneacha Cliste, mar aon le hamhras i dtaobh na dtairbhí a bhainfeadh léi, fágadh an Pharlaimint le roinnt ábhar inní. Ina rún an 12 Meán Fómhair 2013 maidir leis an dara tuarascáil ar chur chun feidhme na Straitéise Slándála Inmheánaí, dhearbhaigh an Pharlaimint ‘gur cheart anailís chúramach a dhéanamh ar chórais nua TF i réimse na himirce agus an bhainistithe teorainneacha, amhail na Tionscnaimh Teorainneacha Cliste, go háirithe i bhfianaise phrionsabail an riachtanais agus na comhréireachta’. Ina dhiaidh sin, chuir sí ceist ó bhéal chuig

[14] [https://oeil.secure.europarl.europa.eu/oeil/popups/ficheprocedure.do?reference=2017%2F0351\(COD\)&l=en](https://oeil.secure.europarl.europa.eu/oeil/popups/ficheprocedure.do?reference=2017%2F0351(COD)&l=en)



an gCoimisiún agus chuig an gComhairle i mí Mheán Fómhair 2015, inar iarr sí an seasamh a bhí acu maidir le rochtain ar an gcóras ó thaobh fhorfheidhmiú an dlí de agus maidir lena dtuairimí faoi ábharthacht an rialaithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i mí Aibreáin 2014 maidir leis an Treoir i leith sonraí a choimeád (féach 4.2.8). Mura ndéanfar aon dul chun cinn gasta maidir leis an athchóiriú atá beartaithe ar rialachán Bhaile Átha Cliath III^[15], d'fhéadfadh an Pharlaimint stad a chur leis an gcaibidlíocht leanúnach maidir leis na comhaid go léir arb ábhar suime iad d'aireachtaí gnóthaí baile agus ceartais, amhail an togra idir-inoibritheachta a fuarthas le déanaí, athbhreithniú chóras Eurodac agus comhaid ábhartha eile. D'éirigh léi an cur chuige sin a ghlacadh in 2012 le 'reo Schengen', mar a tugadh air, nuair a chinn sí deireadh a chur le comhar maidir le príomhchomhaid cheartais agus gnóthaí baile a bhí faoi chaibidlíocht mar fhreagairt ar an gcinneadh ón gComhairle an bunús dlí do Phacáiste Rialachais Schengen a athrú. Ina rún maidir leis an tuarascáil bhliantúil i leith fheidhmiú limistéar Schengen^[16], d'fhéach an Pharlaimint le haird a tharraingt ar an gcaoi ar ghlac AE an oiread sin beart chun a theorainneacha seachtracha a neartú, lena n-áirítear rialuithe teorann, nárbh ann d'aon fhreagairt chomhfhreagrach maidir le rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha a dhíchur.

D'áitigh an Pharlaimint freisin gur gá beart a dhéanamh agus aird chuif á tabhairt ar theorainneacha AE, *acquis* tearmainn AE agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais. Le tamall anois, tá nósanna imeachta iontaofa agus córa agus cur chuige iomlánaíoch maidir leis an imirce ar leibhéal AE á éileamh ag an bParlaimint.^[17]

Udo Bux
05/2019

[15] [Togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle](#) an 4 Bealtaine 2016 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát is freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát.

[16] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 30 Bealtaine 2018 maidir leis an tuarascáil bhliantúil ar fheidhmiú limistéar Schengen ([Téacsanna arna nglacadh, P8_TA\(2018\)0228](#)).

[17] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Aibreán 2016 maidir leis an staid mar atá sa Mheánmhuir agus an gá atá le cur chuige iomlánaíoch i leith na himirce ([2015/2095\(INI\)](#)): <http://www.europarl.europa.eu/sides/getDoc.do?type=TA&language=EN&reference=P8-TA-2016-0102>

